

**Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath**

**Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022**

**Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath**

**Innéacs na Ráiteas Airgeadais don Bhliain dar Críoch an  
31 Nollaig 2022**

	Leathanach
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird .....	3
ÁTHA CLIATH - Ráiteas ar Rialú Inmheánach .....	4-12
Comptroller and Auditor General .....	13-14
Ráiteas Oibriúcháin .....	15
Ráiteas Sócmhainní Reatha agus Dliteanais Reatha .....	16
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais .....	17-39

## Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath

### Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath ar an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Ceanglaítear le hAlt 51 den Acht sin ar an mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO) gach cuntas is cuí agus is gnách den airgead a fuair sé nó a chaith sé a choinneáil i gcibé foirm agus i leith cibé tréimhsí cuntasaióchta a cheadóidh an tAire Oideachais le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Le linn ullmhú na gcuntas sin, ceanglaítear ar an mBord:

- (a) na beartais chuntasaióchta chaighdeánacha a chur i bhfeidhm i leith ullmhú ráitis airgeadais an Bhoird Oideachais agus Oiliúna
- (b) breithiúnais agus meastacháin a bheidh réasúnta agus stuama a dhéanamh
- (c) imeachtaí ábhartha ar bith ó na bearatais chuntasaióchta chaighdeánacha a nochtadh agus a mhíniú

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais iomchuí a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta ag aon tráth staid airgeadais an Bhoird agus lena gcuirtear ar a chumas a áirithiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tá an Bord freagrach chomh maith as a shócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh i ndáil le calaois nó neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aithint.

Cathaoirleach

Síniú:

  
An Comhairleoir Keith Connolly

Dáta:

24/11/2023

## **Bord Oideachais agus Oiliúna CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH**

### **Ráiteas ar Rialú Inmheánach**

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath ar an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Ar an dáta sin, ghlac BOO Chathair Bhaile Átha Cliath sócmhainní, dliteanais agus feidhmeanna iar-Choiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2014, tháinig BOO Chathair Bhaile Átha Cliath in áit SOLAS, agus ghlac sé uaidh sócmhainní, dliteanais agus bainistíocht gníomhaíochtaí a dhá Ionad Oiliúna i gCathair Bhaile Átha Cliath.

Tá an Cód Cleachtas do Bhoird Oideachais agus Oiliúna leagtha amach in imlitir 002/2019, a d'eisigh an Roinn Oideachais d'ionaid BOO in Eanáir 2019. Ghlac BOO Chathair Bhaile Átha Cliath leis an gCód seo ag a chruinniú I mí an Mhárta 2019.

Bunaíodh Bord nua do BOO Chathair Bhaile átha Cliath i Meán Fómhair 2019 agus ag a chruinniú ar an 17 Deireadh Fómhair 2019 cuireadh ceapachán an Choiste Airgeadais agus an Choiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca nua i gcrích.

### **Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh**

Mar Chathaoirleach de chuid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath, admhaím freagracht an Bhoird as a áirithiú go ndéanfar córas rialaithe inmheánach éifeachtúil, éifeachtach agus eacnamaíoch a chothabháil agus a oibriú. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, nach dearbhú iomlán é, a sholáthar go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí iad laistigh de thréimhse thráthúil.

### **Príomhnósanna Imeachta Rialaithe**

Tá na bearta seo a leanas curtha i bhfeidhm ag an mBord chun timpeallacht chuí rialaithe a dheimhniú:

- Freagrachtaí an lucht bainistíochta agus na foirne a shainiú go soiléir.
- Nósanna imeachta a bhunú maidir le teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus a áirithiú go ndéanfar bearta ceartaitheacha iomchuí.
- Córas bainistíochta riosca foirmiúil a bhunú chun gach riosca a aithint agus a mheas a d'fhéadfadh cosc a chur ar BOO Chathair Bhaile Átha Cliatha a chuid cuspóirí a bhaint amach.

Tá an córas rialaithe inmheánach a úsáidtear i BOO Chathair Bhaile Átha Cliath bunaithe ar na rudaí seo a leanas:

- Nósanna imeachta riaracháin mionsonraithe.
- Leithscaradh dualgas.
- Údaruithe sonracha.
- Seiceálacha inmheánacha.
- Athbhreithniú a dhéanann an lucht bainistíochta go míosúil ar thuarascálacha ina gcuirtear síos ar thorthaí iarbhire agus ar thorthaí buiséadaithe na glár atá á bhfeidhmiú ag BOO.

### **Áirítear le Creat Maoirseachta an Bhoird:**

Is é atá mar bhonn eolais ag monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh ná:

- An Príomhfheidhmeannach atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánach.
- Moltaí ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste i litreacha nó tuarascálacha bainistíochta eile.
- Moltaí a rinne an tAonad um Iniúcháireacht Inmheánach – BOOnna
- Obair an Choiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca agus an Choiste Airgeadais.

## **An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca**

Tá maoirseacht an Bhoird ar an gcóras rialaithe inmheánach bunaithe ar obair an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca (CIR) a tháinig le chéile sé huairé in 2022. Mar chuid de chlár oibre an CIMR, déantar measúnú ar na nithe seo a leanas:

- Tuarascálacha iniúchta inmheánacha
- Tuarascálacha iniúchta seachtracha agus litreacha bainistíochta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (A&CC)
- Creat Bainistíochta Riosca
- An Clár Rioscaí
- Tuarascálacha Bainistíochta Riosca
- Clár Iniúchta
- Tuairisc tuairime don Bhard maidir le leordhóthanacht agus oiriúnacht na gcóras rialaithe inmheánach

Chuir an Príomhfeidhmeannach, Stiúrthóirí um Thacaíocht agus um Fhorbairt Eagraíochta agus Stiúrthóirí BO tuarascálacha ar fáil de réir mar a bhí gá leo faoi fheidhmiú rialuithe agus cúrsaí airgeadais, agus bhuaíl siad leis an gCoiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca in 2022.

Rinne an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh don tréimhse thuairiscithe ábhartha ar an 21 Márta 2023.

## **An Coiste Airgeadais**

Tá maoirseacht an Bhoird ar an gcóras rialaithe inmheánach bunaithe chomh maith ar obair an Choiste Airgeadais a tháinig le chéile ceithre huairé sa bhliain 2022. Mar chuid de chlár oibre an Choiste Airgeadais, rinneadh measúnú ar:

- Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2022 (RAB)
- Moladh don Bhard ó RAB 2022
- Tuarascálacha maidir le hIoncam Tréimhsiúil agus Caiteachas

Thuairiscigh an Príomhfeidhmeannach, Stiúrthóirí um Thacaíocht agus um Fhorbairt Eagraíochta, Stiúrthóirí BO agus Stiúrthóir na Scoileanna don Choiste Airgeadais sa bhliain 2022.

Rinne an Coiste Airgeadais athbhreithniú ar Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2022 ar an 28 Márta 2023 agus mhol an Coiste don Bhard glacadh leo.

## **Iniúchadh Inmheánach**

Cuireann an tAonad um Iniúchadh Inmheánach–Boird Oideachais agus Oiliúna (AII-BOO) seirbhís iniúchta inmheánach ar fáil, agus tugann siad tuairim fhoriomlán ar na réimsí a ndearnadh iniúchadh orthu. Tá an tuairim fhoriomlán bunaithe ar na torthaí a aimsíodh le linn an iniúchta agus is iad seo a leanas an raon tuairimí a d'fhéadfadh a bheith i gceist:

**Cuimsitheach:** Tá an córas rialaithe inmheánach leordhóthanach agus oibríonn sé go héifeachtach.

**Leordhóthanach:** Tá an córas rialaithe inmheánach leordhóthanach go ginearálta agus oibríonn sé go héifeachtach.

**Easnamhach:** Tá an córas rialaithe inmheánach easnamhach agus ní oibríonn sé go héifeachtach.

Cuireadh tús leis na hiniúchtaí inmheánacha seo a leanas in 2020/2021 agus foilsíodh na tuarascálacha deiridh sa tréimhse idir an 1 Eanáir 2022 - 28 Feabhra 2023:

Cuireadh tús le hiniúchadh ar Chomhlíonadh Beartas i mí Iúil 2020 agus fuarthas an tuarascáil deiridh ón Aonad um Iniúchóireacht Inmheánach – BOOnna i mí Eanáir 2022; cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ar an 10 Feabhra 2022. Ba é toradh foriomlán na Tuarascála ná go raibh córas rialaithe leordhóthanach i bhfeidhm. Tugadh 11 mholadh san iomlán - 2 ardmholadh, 5 mholadh mheánacha agus 4 mholadh ísle. Tá 7 moladh curtha i bhfeidhm agus 4 cinn de na moltaí sin á gcur i bhfeidhm go cúlghabhálach ar bheartais arbh ann dóibh cheana féin, tá 4 mholadh fós idir lámha nó le cur chun cinn sa bhliain 2023 agus á gcoimeád faoi athbhreithniú leanúnach.

Cuireadh tús le hiniúchadh ar Bhainistíocht Riosca i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus fuarthas an tuarascáil deiridh ón Aonad um Iniúchóireacht Inmheánach – BOOnna i mí Eanáir 2022; cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ar an 10 Feabhra 2022.

Ba é toradh foriomlán na Tuarascála ná go raibh córas rialaithe leordhóthanach i bhfeidhm. Tugadh 10 moladh san iomlán -10 moladh mheánacha. Cuireadh 8 moladh astu seo i bhfeidhm, nó tháinig nósanna imeachta nua maidir le Bainistiú Riosca ina n-áit, agus tá 2 mholadh idir lámha nó á dtabhairt isteach mar chuid den chreat nua.

Cuireadh tús le hiniúchadh ar Mholtaí Iniúchta i gceithre iniúchadh roimhe sin i mí na Nollag 2020 agus gnéithe den chlár oibre iniúchta sceidealaithe do 2021. Fuarthas an tuarascáil deiridh ón Aonad um Iniúchóireacht Inmheánach – BOOnna i mí Eanáir 2022 agus cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ar an 10 Feabhra 2022. Ba é toradh foriomlán na Tuarascála ná go raibh córas rialaithe leordhóthanach i bhfeidhm. Rinneadh tástáil ar 33 moladh le 77 gníomh -24 ardmholadh, 48 moladh meánach agus 5 mholadh ísle. Tá 67 moladh curtha i bhfeidhm, tá 10 moladh fós idir lámha nó bainteach le saincheisteanna náisiúnta, agus á gcoimeád faoi athbhreithniú leanúnach.

Tosaíodh iniúchadh ar an gCóras Tacaíochta Clár agus Foghlaimeora i mí Feabhra 2022. Fuarthas an tuarascáil deiridh ón Aonad um Iniúchóireacht Inmheánach – BOOnna i mí Mheán Fómhair 2022 agus cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ar an 10 Samhain 2022. Ba é toradh foriomlán na Tuarascála ná go raibh córas rialaithe leordhóthanach i bhfeidhm. Tugadh 26 moladh san iomlán - 7 n-ardmholadh, 8 moladh mheánacha agus 11 mholadh ísle. Tá na moltaí seo ar fad idir lámha agus táthar ag súil go gcuirfear iad i gcrích faoi ráithe 2 2023. Tá impleachtaí náisiúnta ag gabháil le cuid de na moltaí agus tá siad á gcur chun cinn trí BOO Éireann.

Rinneadh na hathbhreithnithe seo a leanas ar an iniúchadh inmheánach sa tréimhse ón 1 Eanáir 2021 - go dtí an 31 Nollaig 2022:

Tosaíodh iniúchadh ar SUSI i mí Aibreáin 2021 agus fuarthas dréacht-thuarascáil i mí an Mhárta 2023 chun críocha fíoraithe faisnéise. Cuirfear an tuarascáil iniúchta deiridh faoi bhráid an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca nuair a bheidh sí críochnaithe.

Cuireadh tús le hiniúchadh ar na hIonaid Traenála i mí Dheireadh Fómhair 2021. Mar gheall ar athruithe foirne san Aonad um Iniúchóireacht Inmheánach-BOOnna, tá tuilleadh oibre iniúchóireachta sceidealaithe le cur i gcrích in 2023. Cuirfear an tuarascáil deiridh faoi bhráid an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca nuair a bheidh sí críochnaithe.

Cuireadh tús le hiniúchadh ar Rollú i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus tá an tuarascáil deiridh fós le fáil ón Aonad um Iniúchóireacht Inmheánach – BOOnna. Cuirfear an tuarascáil faoi bhráid an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca nuair a bheidh sí críochnaithe.

Cuireadh tús le hiniúchadh ar Léasú, Taisteal agus Fáilteachas i mí na Samhna 2022 agus tá an tuarascáil deiridh fós le fáil ón Aonad um Iniúchóireacht Inmheánach – BOOnna. Cuirfear an tuarascáil faoi bhráid an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca nuair a bheidh sí críochnaithe.

Cuireadh tús le hiniúchadh ar TFC i mí na Samhna 2022 agus tá an tuarascáil deiridh fós le fáil ón Aonad um Iniúchóireacht Inmheánach – BOOnna. Cuirfear an tuarascáil faoi bhráid an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca nuair a bheidh sí críochnaithe.

Cuireadh tús le hiniúchadh ar an gCiste REACH i mí na Nollag 2022. Tá an tuarascáil deiridh fós le fáil ón Aonad um Iniúchóireacht Inmheánach – BOOnna. Cuirfear an tuarascáil faoi bhráid an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca nuair a bheidh sí críochnaithe.

### **Iniúchtaí Earnála**

Ar an 9 Feabhra 2023 rinne CIMR athbhreithniú ar thuarascáil earnála de chuid an Aonaid um Iniúchóireacht Inmheánach agus BOOnna maidir le Comhlíonadh Soláthair i ndáil le Léasanna / Bainistiú Stoc / Comhlíonadh Cánach & Sonraí Cuntais Bainc na Soláthraithe. Tugtar achoimre sa tuarascáil earnála ar na príomhthéamaí a tháinig chun cinn a dteastaíonn gníomh ó Bhainistíocht BOO ina leith de réir thorthaí na n-iniúchtaí aonair a rinneadh. Tugtar léiriú freisin ar na moltaí gaolmhara agus samplaí de dhea-chleachtais a aithníodh le linn an iniúchta. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na moltaí sa tuarascáil earnála seo, chinn an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca (CIMR) go mbeadh an tuarascáil an-chabhrach do Bhainistíocht BOO Chathair Bhaile Átha Cliath athbhreithniú a dhéanamh ar fheabhsuithe riachtanacha a mholtar inti don chóras rialaithe inmheánach agus iad a chur i bhfeidhm.

## Sáruihte ar an gCóras Rialaithe Inmheánach

### Soláthar

Is é polasaí BOOCBÁC ná go leagtar béim chuí ar an dea-chleachtas sa Soláthar agus tá comhaltaí an Bhoird ag coinneáil orthu ag comhlíonadh a bhfreagrachtaí i ndáil le riachtanais agus rialacháin a bhaineann le soláthar. Chuige sin, forbraíodh nósanna imeachta soláthair agus scaipeadh iad i measc fhoireann BOO Chathair Bhaile Átha Cliath. Freastalaíonn baill foirne a oibríonn go díreach i réimse an tsoláthair ar chúrsaí oiliúna go rialta chun a gcuid eolais agus feasachta ar na rialacha soláthair a choinneáil cothrom le dáta. Baineann BOO Chathair Bhaile Átha Cliath leas as conarthaí lárnacha agus creataí lárnacha na hOifige um Sholáthar Poiblí (OSP), na Seirbhíse um Sholáthar Oideachais (SSO) agus comhlachtaí eagraíochtúla eile, má tá siad oiriúnach dá riachtanais, rud a thacaíonn le comhlíonadh a bhaint amach. Tá cásanna ann inar soláthraíodh earraí agus seirbhísí go háitiúil trí phróisis iomaíocha soláthair, i gcomhréir le treoirlínte soláthair BOO Chathair Bhaile Átha Cliath, ach bhí luach carnach na suíomh go léir níos airde ná an tairseach náisiúnta tairisceana. Is fadhb ghéar do BOO Chathair Bhaile Átha Cliath í seo mar tá breis is caoga suíomh i mbun gníomhaíochta soláthair.

### Neamhchomhlíonadh treoirlínte soláthair

Ba é €2.38 milliún méid an tsoláthair neamhchomhlíontaigh in 2022, gan CBL a áireamh. Tá miondealú ar an bhfigiúr seo leagtha amach sa tábla seo a leanas:-

<b>Catagóir Caiteachais</b>	<b>€ Méid Gan CBL</b>
Aerchóiriú	26,379
Trealamh Brandáilte	61,895
Trealamh Ranga/Traenála	128,025
Ábhair Trealamh Ranga/Traenála	132,040
Seirbhísí glantóireachta	74,955
Dearadh	30,965
Earraí Leictreachais	181,950
Troscán	417,727
TF - Tacaíocht Acadúil TF	111,070
Bonneagar TF	151,144
TF Eile	87,960
Tacaíocht Foghlaiméora	112,037
Clódóireacht Bhainistithe	218,380
Earraí Pluiméireachta	73,428
Clódóireacht	31,067
Sainchomhairleoireacht maidir le Soláthar	43,766
Béilí Scoile	373,837
Éadaí & Trealamh Spóirt	30,529
Adhmad	51,675
Taisteal agus Cóiríocht	40,604
	<b>€2,379,433</b>

As an méid iomlán de €2.38 milliún, caitheadh €2.04 milliún ar roinnt ionad BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ina lorgófaí meastacháin aonair ach nár tharla comhiomlánú éilimh agus nach raibh aon chonradh i bhfeidhm maidir leo. Bhain an €0.34 milliún eile le conarthaí a síneadh thar a ndáta éaga toisc nár tugadh faoin gcomórtas soláthair in am.

Maidir le gníomh ceartaitheach atá le déanamh, tá BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ag tabhairt go gníomhach faoi roinnt próiseas tairisceana lena laghdófar an figiúr neamhchomhlíonta (sonraí thíos) faoi thart ar €1.06 milliún.

<b>Tairiscintí ar siúl nó críochnaithe in 2022/2023</b>	<b>€ Méid Gan CBL</b>	<b>Stádas Tairisceana</b>
Seirbhísí glantóireachta	43,678	Idir lámha
Earraí Leictreachais	181,950	Céim dheiridh
TF - Tacaíocht Acadúil	111,070	Críochnaithe Feabhra 23
Tacaíocht Foghlaimeora	112,037	Críochnaithe Feabhra 22
Earraí Pluiméireachta	73,428	Céim dheiridh
Clódóireacht	31,067	Críochnaithe Samhain 22
Sainchomhairleoireacht maidir le Soláthar	43,766	Críochnaithe Samhain 22
Béilí Scoile	373,837	Críochnaithe Nollaig 22
Adhmad	51,675	Céim dheiridh
Taisteal	40,604	Críochnaithe Lúnasa 22
<b>Laghdú ar Neamhchomhlíonadh 2022/2023</b>	<b>€1,063,112</b>	

Táthar ag súil go rachaidh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ar aghaidh le próisis nua soláthair a chur i bhfeidhm i gcaitheamh 2023 chun aghaidh a thabhairt ar réimsí neamhchomhlíonta. Tá na gníomhartha beartaithe seo bunaithe ar acmhainní leordhóthanacha a bheith ar fáil chun an próiseas a chur i gcrích.

<b>Soláthar atá Beartaithe do 2023</b>	<b>€ Méid Gan CBL</b>
Trealamh Brandáilte	61,895
Trealamh Ranga/Traenála - Ábhar Leighis/Eolaíochta	65,449
Trealamh Ranga/Traenála - Ceol	35,741
Trealamh Ranga/Traenála - Eile	26,835
Trealamh Ranga/Traenála - Cruach / Táthú	65,983
Trealamh Ranga/Traenála - Earraí Mótair	33,310
Ábhair Trealamh Ranga/Traenála - Eile	32,747
Dearadh	30,965
Troscán	417,727
Bonneagar TF	151,144
TF Eile	87,960
Éadaí & Trealamh Spóirt	30,529
<b>Laghdú tuartha do 2023</b>	<b>€1,040,285</b>

Tá Plean Soláthair Corparáideach forbartha ag BOO Chathair Bhaile Átha Cliath do 2022-23, lena leagtar amach gníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar réimsí neamhchomhlíonta aitheanta agus ar riachtanais eile soláthair BOO Chathair Bhaile Átha Cliath. Leanfaidh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar gach réimse caiteachais chun deiseanna a aithint ina soláthroidh tairiscint agus úsáid na gCreatáí Náisiúnta d'earraí agus seirbhísí atá ann cheana féin an luach is fearr ar airgead, agus ina gcomhlíonfar riachtanais chomhlíonta. Táthar ag súil go laghdóidh an méadú atá beartaithe sa tairseach náisiúnta soláthair ó €25k go €50k (gan CBL) caiteachas neamhchomhlíontach BOO Chathair Bhaile Átha Cliath amach anseo. Laghdófaí an caiteachas neamhchomhlíontach de €2.38m do 2022 go thart ar €1.2m sa chás seo, toisc go bhfuil líon suntasach de sholáthraithe BOO Chathair Bhaile Átha Cliath sa raon idir €25k agus €50k.

### Calaois

Tuairiscíodh calaois fhéideartha amháin i mí na Samhna 2022 faoi Bheartas BOO Chathair Bhaile Átha Cliath I gcoinne Calaoise agus Éillithe. Tá an t-ábhar á iniúchadh ag an Aonad um Iniúchóireacht Inmheánach agus ag na BOOnna.



## **Nochtaí Cosanta**

Ní bhfuair BOO Chathair Bhaile Átha Cliath aon nochtadh cosanta in 2022 faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014.

## **Bainistíocht Riosca**

Tá córas um Bainistíocht Riosca Chorparáidigh i bhfeidhm ag BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ar fud na heagraíochta. Coimeádtar cláir ar leith do gach Scoil, Coláiste, ionad BO agus ionad eile agus tá clár comparáideach uileghabhálach ann. Pléadh cláir riosca agus athbhreithníodh iad ag cruinnithe an Choiste um Iníúcháireacht agus Measúnú Riosca in 2022. Leanann an Coiste ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar fhorbairt straitéis Bhainistíochta Riosca BOO Chathair Bhaile Átha Cliath.

## **Rialachas agus Maoirseacht**

In 2022 rinne BOO Chathair Bhaile Átha Cliath athbhreithniú ar na próisis agus meicníochtaí atá i bhfeidhm ina Aonad Seirbhísí Óige, BSÓCBÁC, chun a chinntiú go bhfuil cleachtas maoirseachta cuimsitheach i bhfeidhm. Bhí drochthionchar ar riachtanais rialachais agus airgeadais an aonaid mar gheall gur imigh cuid den fhoireann bainistíochta shinsearach ar scor. Cuireadh Cleachtadh Mapála i gcrích agus eisíodh tuarascáil deiridh. Tá roinnt moltaí ón tuarascáil seo á geur i bhfeidhm ag BOO Chathair Bhaile Átha Cliath faoi láthair tríd an obair atá ar siúl ag an bhfoireann shinsearach ceannaireachta san Aonad Seirbhísí Óige, Cathair Bhaile Átha Cliath. Tá cleachtas maoirseachta láidir anois i bhfeidhm, lena n-áirítear na próisis ag na trí leibhéal sna Seirbhísí Óige. Tacaíonn Príomhoifigeach Cúnta Airgeadais leis an obair seo laistigh de Cheannoifig Chathair Bhaile Átha Cliath agus é faoi chúram an oifigigh cuidiú leis na Seirbhísí Óige chun rialachas airgeadais iomchuí a chinntiú.

## **Saincheisteanna a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ina leith ag Leibhéal na hearnála**

### **Sárúithe ar an gCóras um Rialú Inmheánach – Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí**

Ceanglaíonn Imlitir 11/2014 ar BOOnna ráitis agus ríomhaireachtaí sochar a chur ar fáil do bhaill de Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí roimh dheireadh mhí an Mheithimh 2014. Níor chomhlíon BOO Chathair Bhaile Átha Cliath a chuid oibleagáidí maidir le ráitis phinsin bhliantúla a sholáthar do gach ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair in 2022. Tá ráitis á geur ar fáil do bhaill nuair a iarrtar iad go hindibhidiúil, áfach, agus tugtar tús áite do ráitis le haghaidh baill foirne atá ag druidim le haois scoir. Baineann an fhadhb seo leis an earnáil BOO trí chéile agus tá an réimse Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais (SGCO) den Roinn Oideachais ag déileáil léi ar bhonn náisiúnta i gcomhpháirt le BOOÉ agus BOOnna indibhidiúla. Mar gheall ar fhadhbanna acmhainní leis an nGrúpa Rochtana (lena n-áirítear COVID-19 agus foireann a d'éirigh as) níor éirigh linn obair forbartha a tosáidh ar an gCóras CoreHR, a raibh sé mar aidhm aici BOOnna a thabhairt i gcomhréir le Ranníocaíochtaí Aoisliúntais le comhlíontacht lánchórais, a chríochnú in am. Mar sin féin, rinneadh cuid mhaith oibre agus tá cumarsáid ag dul ar aghaidh idir an Grúpa Rochtana agus SGCO fós agus tá tástáil á déanamh faoi láthair ar na feidhmiúlachtaí nua a chuirfidh an Grúpa Rochtana ar fáil. Tá sé seo mar chuid den Chlár Feabhsaithe Pinsin foriomlán atá á chur i bhfeidhm ag an Roinn Oideachais agus tá sainfoireann SGCO curtha le chéile atá ag obair ar na fadhbanna Pinsin agus Ranníocaíochtaí Aoisliúntais a réiteach. Tá soláthar ráiteas sochar cruinn do bhaill de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí mar dhlúthchuid de scóip an Chláir Feabhsaithe Pinsin seo.

### **Seirbhísí Comhroinnte Párolla**

Bunaíodh Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais (SGCO) chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar don earnáil Oideachais agus Oiliúna.

### **Párolla**

Cuireadh aistriú párolla fhoireann BOO Chathair Bhaile Átha Cliath chuig SGCO i gcrích i mí an Mhárta 2023. Tá an SGCO freagrach as an bpárolla a phróiseáil, ach tá BOO Chathair Bhaile Átha Cliath freagrach fós as treoracha a eisíúint do na seirbhísí comhroinnte faoi na hathruithe ar phárollaí agus feidhm na nAcmhainní Daonna. Tá sé deimhnithe ag an bPríomhfeidhmeannach go bhfuil a chuid freagrachtaí comhlíonta aige maidir le ceanglais an Mheabhráin Tuisceana agus an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse araon atá sínithe agus atá i bhfeidhm idir BOO Chathair Bhaile Átha Cliath agus ionad na Roinne Oideachais - Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais (SGCO).

Soláthraíonn na doiciméid seo an creat le haghaidh oibriú Seirbhísí Comhroinnte Párolla SGCO-BOO thar ceann na hearnála BOO. Braitheann an Príomhfheidhmeannach ar litir ghealltanais ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Oideachais a gheallann go bhfuil rialuithe cuí i bhfeidhm i dtaca leis na seirbhísí párolla a sholáthraíonn SGCO do BOO Chathair Bhaile Átha Cliath.

### **Speansais lena n-áirítear Taisteal agus Cothú**

Tá sceideal á fhorbairt do BOOnna chun a gcuid speansas a aistriú chuig SGCO, agus an sceideal seo ag teacht le hobair a dhéanfar ar chórais airgeadais BOO le linn 2023.

### **Párolla na bPrintíseach**

D'aistrigh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath párolla na bprintíseach chuig an gcóras párolla bainistithe a shocraigh SGCO i mí an Mhárta 2020.

### **Íocaíochtaí d'Fhoghlaimoirí**

D'aistrigh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath íocaíochtaí foghlaimoira chuig an tseirbhís bhainistithe a shocraigh SGCO in dhá bhabhta. Babhta 1 i mí Lúnasa 2020 agus Babhta 2 (Ógtheagmháil agus Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais) i mí Feabhra 2022.

### **Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais**

Bunaíodh Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais (SGCO) chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar don earnáil Oideachais agus Oiliúna le béim a chur ar sheirbhísí comhroinnte párolla agus airgeadais a sholáthar le haghaidh BOOnna ar an gcéad ásc. Tá foireann SGCO ag obair in éineacht le BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ar thionscadal chun aistriú a dhéanamh go dtí an réiteach DCS/SUN agus é beartaithe go mbeidh an t-aistriú réidh faoi mhí Eanáir 2024.

### **Riarachán na nDeontas Mic Léinn**

#### *An Timpeallacht Rialaithe*

Tá BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ainmnithe ag an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta mar an t-údarás náisiúnta bronnta deontas do mhic léinn. Cuireann Aonad SUSI de chuid BOO Chathair Bhaile Átha Cliath na cúraimí seo i gcrích.

Léiríonn Creat-Chomhaontú Bainistíochta idir BOO Chathair Bhaile Átha Cliath agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta na riachtanais rialaithe ar leith a bhaineann le riarachán deontas ar bhonn náisiúnta.

Déanann SUSI beartais agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm dá réir chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú agus chun an riosca a bhaineann le riar deontas i gcoitinne a bhainistiú, rud a chuimsíonn rialuithe chun ró-íocaíochtaí deontas a íoslaghdú.

#### *Ró-íocaíochtaí na nDeontas Mic Léinn*

Áirítear leis na rialuithe sonracha a chuirtear i bhfeidhm laistigh den phróiseas measúnaithe ar iarratais ar dheontais agus laistigh den phróiseas maidir le híoc na ndeontas bronnta chun ró-íocaíochtaí deontas a íoslaghdú –

- athmheasúnú ar athbhreithnithe cás ar chás maidir le hincháilitheacht leanúnach d'iarratais athnuachana deontais,
- oiliúint foirne agus struchtúir mhaoirseachta/tacaíochta,
- athbhreithniú cáilíochta ar mheasúnú agus iarmheasúnú agus ar an bpróiseas aiseolais,
- tuairisciú ar fhaisnéis bhainistíochta maidir le gníomhaíochtaí measúnaithe, íocaíochtaí agus ró-íocaíochtaí,
- réiteach luach na dtáillí agus na ndeontas in éineacht le coláistí,
- tuairisciú eisceachtaí maidir le luach na ndeontas cothaithe,
- cainníochtú, aicmiú, anailísiú agus tuairisciú rialta na bhfiachas,
- beartas maidir le tuairisciú calaoise.

Tá beartas struchtúrtha curtha i bhfeidhm ag SUSI chun na ró-íocaíochtaí uile a aisghabháil, socrúithe solúbtha aisíocaíochta do mhic léinn san áireamh.

Tuairiscíodh gurbh ionann ró-íocaíochtaí, coigeartuithe a bhain le blianta roimhe sin san áireamh, agus €650,437 don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022. Tharla na ró-íocaíochtaí sin mar gheall ar athmheasúnú leanúnach ar incháilitheacht le haghaidh deontais atá á dhéanamh ag SUSI, mar aon le tarraingtí siar mac léinn, srl., agus aisíocaíochtaí táillí coláiste. Ba é €407,082 méid na n-aisíocaíochtaí a fuarthas ó mhic léinn agus ó choláistí.

Is ionann luach na ró-íocaíochtaí atá tuairiscithe don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2022 agus thart ar 0.20% de chaiteachas SUSI ar dheontais i dtaobh na bliana acadúla 2021-22. B'ionann iarmhéid iomlán carnach na ró-íocaíochtaí deontais nár aisghabhadh amháil an 31 Nollaig 2022 agus €4,349,176.

#### *Fiosrúchán an Choimisiúin um Chosaint Sonraí*

Tá SUSI ag comhoibriú faoi láthair le Fiosrúchán an Choimisiúin um Chosaint Sonraí (CCS) maidir le sárú sonraí a chuir SUSI in iúl sa bhliain 2018 maidir le suíomh gréasáin SUSI. Agus an fiosrúchán ar siúl faoi láthair ní féidir a thoradh a thuar, toradh ar féidir fineálacha riaracháin a bheith i gceist leis sa chás go gcinneann an CCS gur sáraíodh na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus/nó an RGCS (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

#### **Paindéim COVID-19**

Le tabhairt isteach srianta rialtais COVID-19, ghlac BOOCBÁC chun monatóireacht agus maolú a dhéanamh ar éifeachtaí COVID 19, amháil bearta sábháilteachta agus sláinte poiblí riachtanacha amháil scaradh sóisialta agus obair ón mbaile a chur i bhfeidhm dár bhfoireann, rannpháirtithe agus tairbhíthe mic léinn. D'ainneoin thionchar COVID 19, lean BOO Chathair Bhaile Átha Cliath ar aghaidh lena ról ríthábhachtach san oideachas agus oiliúint a chomhlíonadh, le béim ar leanúnachas oideachais a áirithiú don fhoghlaimoir.

Rinne Stiúrthóirí TFE (Riarachán agus Airgeadas) BOO Chathair Bhaile Átha Cliath measúnú criticiúil ar oibríochtaí chun riachtanais a mheas chun a áirithiú nach gcuirfí isteach ar phróisis oibriúcháin lánacha i dtimpeallacht chianoibre. Rinneadh príomh-mheasúnuithe mar seo a leanas:

1. Measúnú riosca foriomlán don eagraíocht.
2. Measúnú ar leordhóthanacht na gcóras, na nósanna imeachta agus an chumais.
3. Príomhsholáthraithe seirbhíse.
4. Riosca calaoise inmheánaí agus seachtraí.
5. Neamhchomhlíonadh le riachtanais dhlíthiúla agus riachtanais seirbhíse poiblí eile.
6. Éilimh dhlíthíochta mhéadaithe.
7. Próiseas soláthair.

Tugadh bearta isteach de réir rannóige chun a áirithiú go ndéanfaí príomhrialuithe airgeadais a chothabháil agus go gcomhlíonfaí cleachtais na hearnála poiblí agus an tsláinte agus an tsábháilteacht ghinearálta. Bhí na bearta seo fós i bhfeidhm go luath in 2022 agus rinneadh athbhreithniú agus uasdátú orthu faoi réir laghdú na Srianta Rialtais agus nuair a cuireadh deireadh leo faoi dheireadh i mí Feabhra 2022.

Áiríodh leis na bearta ach ní rabhthas teoranta dóibh sin amháin:

1. Bearta Sábháilteachta agus Sláinte Poiblí don fhoireann agus do mhic léinn.
2. Cuireadh tacaíocht ghlantacháin, díghalráin lámh agus TCP ar fáil.
3. Soláthraíodh deontais mhionoire COVID do scoileanna agus do choláistí.
4. Tugadh isteach sínithe digiteacha d'oifigigh údaraithe.
5. Cuireadh cianrochtain ar fáil don fhoireann de réir mar a bhí gá léi.
6. Nuair a bhí gá leis, socraíodh seoltaí ríomhphoist comhroinnte de réir roinne le haghaidh bainistiú fiosrúcháin.
7. Tugadh isteach córas íocaíochtaí ar líne le haghaidh gach ionaid cúrsa iar-ardteistiméireachta).
8. Seoladh coigeartuithe ar thuarastail go leictreonach agus síníodh go digiteach iad.
9. Seoladh sonraisc go leictreonach chuig Creidiúnaithe agus postáladh bunchóipeanna ar leithligh.
10. Síníodh Ráitis Phinsin go digiteach agus cuireadh ar aghaidh iad tríd an ngnáthmhodh.
11. Glacadh le héilimh maidir le Taisteal agus Cothú go leictreonach le faomhadh iomchuí.
12. Glacadh le foréilimh phráinneacha a sholáthar go digiteach ar an gcoinníoll go lorgófaí faomhadh iomchuí agus go mbeadh meastacháin chúlta san áireamh.

13. Lean an lucht bainistíochta ar aghaidh le cruinnithe a reáchtáil leis an bhfoireann ag baint úsáid as MS Teams de réir mar a bhí gá leis.
14. Bhí gá le cumhdach aghaidhe, ar aon dul le comhairle an rialtais, i scoileanna agus spásanna oibre iata.
15. Glacadh le gráid ríofa do mhic léinn na hArdteistiméireachta, agus i mBreisoideachas bhí gráid bunaithe ar mheasúnuithe.

### **Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe**


Tá BOO Chathair Bhaile Átha Cliath tiomanta do chóras rialaithe inmheánach a fheidhmiú atá éifeachtúil, éifeachtach agus eacnamaíoch. Dearbhaím go ndearna an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca, ag a chruinniú ar an 21 Márta 2023, athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 ar an modh a fhorordaítear leis an gCód Cleachtais do Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna.

Áiríodh leis seo

- Chuir an Feidhmeannas tuarascáil i láthair ar a athbhreithniú ar rialuithe (ó bhéal agus i scríbhinn) ag an gcruinniú ar an 21 Márta 2023. Fuair an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca dearbhú ón bPríomhfheidhmeannach go bhfuil an córas um rialú inmheánach oiriúnach agus cuí a mhéid is indéanta le réasún. Bhunaigh an Príomhfheidhmeannach an ráiteas seo ar fhaisnéis a bailíodh ó bhainisteoirí sinsearacha san eagraíocht trí chéile.
- Athbhreithniú ar thuarascálacha ar iniúchadh inmheánach agus seachtrach a eisíodh in 2022 agus go dtí seo in 2023, cruinniú le hionadaithe ón Aonad um Iniúchóireacht Inmheánach – BOOnna, mar aon le mionscrúdú ar mhiontuairiscí chruinnithe an Bhoird agus an Choiste Airgeadais chun a chinntiú nach bhfuil aon neamhréireachtaí iontu seo leis an measúnú ar rialú inmheánach a soláthraíodh don Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca i dTuarascálacha ar Iniúchadh Inmheánach agus Léiriú Bainistíochta.
- Chuir an Coiste um Iniúchóireacht tuarascáil (ó bhéal agus i scríbhinn) ar an athbhreithniú ar rialuithe faoi bhráid an Bhoird ar an 30 Márta 2023.
- Athbhreithniú ar Ghníomhaíochtaí Rialachais agus Rialaithe in 2022, lena n-áirítear:
  - Rannpháirtíocht idir an Coiste um *Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca*, an Coiste Airgeadais, an Bord agus an Feidhmeannas
  - Tuarascálacha ón bPríomhfheidhmeannach, ó Stiúrthóirí na Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta (TFE), ón Stiúrthóir Scoileanna agus ó Stiúrthóirí Breisoideachais agus Oiliúna (BO) chuig an mBord
  - Tuarascálacha ón bPríomhfheidhmeannach, ó Stiúrthóirí TFE agus ó Stiúrthóirí BO chuig an gCoiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca
  - Moltaí a rinne an A&CC i litreacha bainistíochta nó i dtuarascálacha eile
  - Moltaí a rinne an tAonad Iniúchóireachta Inmheánach
  - Tuarascálacha Bainistíochta Riosca ón Stiúrthóir BOO atá freagrach
  - An Clár Riosca a choinnítear cothrom le dáta agus a chuirtear faoi bhráid an Choiste um Iniúchóireacht ar bhonn rialta.

Rinne an Bord athbhreithniú agus faomhadh ar an ráiteas seo ag an gcruinniú ar an 30 Márta 2023.

Sínithe:



Dáta: 24/11/23

An Comhairleoir Keith

Connolly Cathaoirleach



## Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath

#### Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 iniúchta agam mar a éilítear faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas oibriúcháin
- an ráiteas maidir le sócmhainní reatha agus dliteanais reatha, agus
- na nótaí a bhaineann leo seo, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta mhóra.

Is é mo thuairim ná,

- go gcuireann na ráitis airgeadais ioncam agus caiteachas an Bhoird i láthair mar is ceart don bhliain 2022 agus gnóthaí an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2022, agus
- go bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach ag an Aire Oideachais.

#### ***Bunús na Tuairime***

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (CIInna) mar a chuirtear i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath agus tá mo chuid freagrachtaí eiteiciúla eile comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Measaim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte agam le go mbeidh sí ina bonn le mo thuairim.

#### **Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile**

Chuir an Bord faisnéis eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Is éard atá i gceist leis an bhfaisnéis seo ná an ráiteas ar fhreagrachtaí an Bhoird, an ráiteas ar an gcóras rialaithe inmheánach agus sceideal gníomhaíochtaí agus costais phá. Déantar cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí tuairiscithe i leith a leithéid d'fhaisnéis agus i leith ábhair eile a thuairiscím trí eisceacht.

#### ***Neamh chomhlíonadh rialacha soláthair***

Nochtar sa ráiteas faoi rialú inmheánach gur thabhaigh an Bord caiteachas suntasach sa bhliain 2022 nuair nár chloígh na nósanna imeachta a leanadh le treoracha soláthair phoiblí. Luaitear sa ráiteas chomh maith na bearta atá déanta nó atá pleanáilte ag an mBord chun dul i ngleic leis an ábhar seo.

**Seamus McCarthy**  
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

15 Nollaig 2023

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

### Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Faoi mar a shonraítear sa ráiteas faoi fhreagrachtaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as na cúraimí seo a leanas

- na ráitis airgeadais a ullmhú ar an modh a fhorordaítear faoi alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- rialú inmheánach a chur i bhfeidhm de réir mar is cuí chun a dheimhniú go n-ullmhaítear ráitis airgeadais atá glan ó mhíshonrú ábhartha, bíodh gur mar thoradh ar chalaois nó earráid an míshonrú sin.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá sé de dhualgas orm faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 ráitis airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath a iniúchadh agus tuairisc orthu a thabhairt do Thithe an Oireachtais.

An aidhm atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnta a fháil go bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine glan ó mhíshonrú ábhartha a bhainfeadh le calaois nó le hearráid. Is ionann dearbhú réasúnta agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní deimhniú é go n-aithneoidh iniúchadh, arna chur i bhfeidhm de réir CIlInna, míshonrú ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míshonrú eascairt as calaois nó earráid agus meastar gur míráitis ábhartha iad más féidir a bheith ag súil leis go réasúnta go mbeadh tionchar acu, ina n-aonar nó le chéile, ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na CIlInna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil tríd an iniúchadh. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Aithním agus measaim na rioscaí a bhaineann le míshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh gur mar thoradh ar chalaois nó earráid an míshonrú sin; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchta mar fhreagra ar na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is treise an riosca gan mhíshonrú a aithint má bhaineann an míshonrú sin le calaois seachas le hearráid, toisc go bhféadfadh claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach is cuí don iniúchadh chun nósanna imeachta a dhearadh atá cuí sna cúinsí, ach ní chun críocha tuairim a chur in iúl faoi éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáiochta a úsáideadh agus ar réasúntacht na meastachán cuntasáiochta agus na nochtuithe bainteacha.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas maidir le, i measc nithe eile, scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainiú le linn m'iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht más rud é, i mo thuairim,

- nach bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta faighte agam, nó
- nár leor na taifid chuntasáiochta chun iniúchadh ceart agus pras a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
